# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.** **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Ciallaíonn iompar morálta ______________________________

______________________________

**2.** Ceann de na sainaicmí Críostaí in Éirinn is ea an Eaglais Chaitliceach Rómhánach.

Ainmnigh sainaicme Chríostaí **eile** in Éirinn. ______________________________

**3.** Is é a thugtar ar scríbhneoirí na gceithre shoiscéal ná – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Soiscéalaithe ☐ Mairtírigh ☐ Fáithe ☐

**4.** I dtraidisiún reiligiúnach ciallaíonn an téarma 'ionracas' ______________________________

______________________________

**5.** Cé acu áit díobh seo a leanas is mó a luaitear céasadh Íosa ar an gcros leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Gaza ☐ Gilgal ☐ Golgatá ☐

**6.** Is é an dearcadh atá ag lucht an Agnóiseachais ná ______________________________

______________________________

**7.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an t-ainm Vishnu leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**8.** Sampla amháin de shacraimint Chríostaí is ea an Cóineartú.

Luaigh sacraimint Chríostaí **amháin** eile ______________________________

**9.** Is é atá sa seicteachas ná fuath do dhuine eile de bharr reiligiúin.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**10.** Is é atá i gceist san Éacúiméineachas ná ______________________________

______________________________

**11.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an t-ainm Iáivé/YHWH leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

**12.** Is é atá san adhradh ná slí amháin ina gcuireann daoine a gcreideamh reiligiúnach in iúl. Luaigh slí **amháin** eile ina gcuireann daoine a gcreideamh reiligiúnach in iúl ______________

______________________________________________________________

**13.** Rugadh Íosa sa phroibhinse seo - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Ghailíl ☐ Iúdáia ☐ An tSamáir ☐

**14.** Cúis amháin le cliseadh pobail is ea ____________________________________

______________________________________________________________

**15.** Tá an tuairim ag an dí-eaglaiseachas gur chóir dlíthe tíre a bheith bunaithe ar an reiligiún. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**16.** Cabhraíonn coinsias duine leis ________________________________________

______________________________________________________________

**17.** Cén **ceann** de na reiligiúin dhomhanda a leanas is mó a luaitear an t-ainm Allah leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**18.** Is é an chéim dheireanach sa chinneadh morálta ná cinneadh a dhéanamh a chreideann duine a bheith ceart. Luaigh céim **eile** i bpróiseas na cinnteoireachta morálta. __________________

______________________________________________________________

**19.** Paidir is ea an Paritta agus is é an reiligiún domhanda is mó a luaitear leis é ná - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**20.** Is gné amháin den adhradh é an rannpháirteachas. Ainmnigh gné **eile** den adhradh _________

______________________________________________________________


## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN DÍOBH. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Tá an líníocht seo bunaithe ar Íosa ag gairm ar a dheisceabail.**



*www.ebibleteacher.com*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón líníocht a thaispeánann go bhfuil sí bunaithe ar Íosa ag gairm ar a dheisceabail.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh duine **amháin** ar ghlaoigh Íosa air le bheith ina dheisceabal. ______________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** rud a d'iarr Íosa ar a dheisceabail a dhéanamh.

i. ________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Seo pictiúr d'íomhá a rinne leanbh de Dhia.**



*Garrod & Lofhouse Ltd.*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa phictiúr a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar íomhá de Dhia.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Luaigh **dhá** rud a léiríonn an íomhá seo faoin tuiscint atá ag an leanbh ar Dhia.

i. ________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

(4 mharc)

**C.** Tabhair sampla **amháin** eile d'íomhá de Dhia.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(4 mharc)

**Ceist 3. Is grianghraf de dheasghnáth reiligiúnach á chomhlíonadh ag an duine é seo .**



*Transedition Limited agus Fernleigh Books*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil deasghnáth reiligiúnach á chomhlíonadh ag an duine.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Luaigh **dhá** chúis a gcomhlíonann daoine deasghnátha reiligiúnacha**.**

i. ______________________________________

________________________________________

ii. _____________________________________

________________________________________

(4 mharc)

**C.** Tabhair sampla **amháin** eile de dheasghnáth reiligiúnach.


________________________________________

________________________________________

________________________________________

(4 mharc)

**Ceist 4. Is grianghraf de shiombail reiligiúnach é seo.**



*Saint Mary's Press*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thugann le fios gur siombail reiligiúnach í seo.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an tsiombail seo leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐

An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a mbaineann daoine úsáid as siombailí nuair a bhíonn siad ag guí.

i. ______________________________________

________________________________________

ii. _____________________________________

________________________________________

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN tALT SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR THÍOS.

Ceapadh Oscar Romero ina cheannaire ar an Eaglais Chaitliceach Rómhánach sa tSalvadóir nuair b'áit mhór bochtaineachta agus fulaingthe ag mórán daoine í. Bhí saibhreas na tíre faoi smacht dream beag daoine a raibh tacaíocht an airm acu. Ba mhinic a rinneadh iarracht staid na mbochtán a fheabhsú ach cuireadh na hiarrachtaí sin faoi chois leis an bhforéigean. Bhraith Oscar Romero go raibh gairm aige sampla Íosa a leanúint agus labhairt amach ar son na mbochtán. Nuair a chonaic sé nach raibh meas ar chearta daonna na ndaoine, labhair sé amach agus d'áitigh sé ar an Rialtas an scéal a mhíniú. Spreag sé agóidí poiblí i gcoinne na héagóra. Spreag sé na daoine i gcónaí le hagóid shíochánta a dhéanamh, ag rá "an t-olc amháin a bhaineann sochar as an dúnmharú". Bhain Oscar Romero leas as a stádas mar cheannaire eaglasta chun a chur in iúl don domhan mór cad a bhí ag titim amach ina thír féin. D'oscail sé a theach roimh dhaoine a bhí ag iarraidh éalú ón bhforéigean agus cheadaigh sé stáisiún raidió a bhunú in oifig na hardeaglaise. Chuir an stáisiún raidió sin ar chumas daoine ó gach taobh tíre éisteacht gach seachtain leis na seanmóirí a thug Oscar Romero ar chearta na mbochtán.



*Foinse: Octavio Duran*

Ba mhinic a cháin sé an rialtas ina chuid seanmóirí agus thug sé sólás do na daoine a bhí ag fulaingt mar gheall ar an éagóir agus ar an bhforéigean sa tír. Thuig Oscar Romero go raibh a shaol á chur i mbaol aige nuair a labhair sé amach i gcoinne na héagóra. Dúirt sé "Ba mhinic a rinneadh bagairt ar mo shaol … ní mór dom mo shaol a thabhairt suas ar mhaithe leo siúd a dtugaim grá dóibh, … ar mhaithe le muintir na Salvadóra." Ar 23 Márta 1980 thapaigh Oscar Romero a dheis sa seanmóir leis a craoladh ar an raidió le hachainí orthu siúd a bhí páirteach san fhoréigean stop a chur leis an marú sa tSalvadóir. An lá tar éis d'Oscar Romero an achainí sin a dhéanamh rinne gunnadóir é a lámhach agus é ag ceiliúradh na hEocairiste.

*Curtha in oiriúint ó www.cafod.org.uk agus Foilseacháin Veritas*

**1.** Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir brí ceann **amháin** de na focail seo a leanas a fheiceáil san alt seo:

- MAIRTÍREACHT
- MISEAN

(12 mharc)

**2.** Déan cur síos ar shampla **eile** den tslí ar féidir mairtíreacht *nó* misean a fheiceáil i bpobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

(15 mharc)

**3.** a. ◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

Sampla é Oscar Romero de dhuine ar bhain daoine eile inspioráid as a chreideamh.

Ainmnigh duine **eile** a bhfuil baint aige le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda a luaitear thuas agus ar bhain daoine eile inspioráid as a c(h)reideamh.

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an tslí ar féidir creideamh reiligiúnach an duine a d'ainmnigh tú thuas a fheiceáil in eachtra as a s(h)aol.

(18 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** **POBAIL CHREIDIMH**

**A.** a. Ainmnigh ceannaire reiligiúnach **amháin** a bhaineann le pobal creidimh in Éirinn.

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** den obair a dhéanann ceannaire reiligiúnach i bpobal creidimh in Éirinn.

(15 mharc)

**B.** a. ● DÍOGRAIS ● SEANMÓIREACHT

Tabhair breac-chuntas ar an rud a chiallaíonn gach ceann de na focail thuas i bpobal creidimh.

(12 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an díograis *nó* an seanmóireacht tábhachtach do na baill de phobal creidimh.

i.

ii.

(18 marc)

**Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** Scrúdaigh an tslí a raibh reiligiún na nGiúdach eagraithe sa Phalaistín le linn Íosa.

(16 mharc)

**B.** a. Déan cur síos ar **dhá** dheacracht a bhí ag na chéad Chríostaithe tar éis bhás Íosa.

i.

ii.

(18 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** ar dhéileáil na chéad Chríostaithe leis na deacrachtaí a bhí acu tar éis bhás Íosa.

(16 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN – NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Déan cur síos ar shampla **amháin** de theagasc bhunaitheoir / lucht leanúna tosaigh an reiligiúin dhomhanda ar chuir tú tic leis thuas.

(12 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an tslí a mbíonn tionchar ag teagasc bhunaitheoir / lucht leanúna tosaigh an reiligiúin dhomhanda ar chuir tú tic leis thuas, ar an gcaoi a gcaitheann baill an reiligiúin sin a saol sa lá atá inniu ann.

(15 mharc)

**B.** a. Chuir gach reiligiún domhanda tréimhse fáis de tar éis dó tosú ar dtús.

Ainmnigh duine tábhachtach **amháin** *nó* grúpa **amháin** a ghlac ról i bhfás an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas. ______________________________

(5 mharc)


b. Tabhair breac-chuntas ar an ról a ghlac duine tábhachtach **amháin** *nó* grúpa **amháin** i bhfás an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(18 marc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** Tá rudaí áirithe a tharlaíonn sa saol a chuireann mothú iontais agus gliondair ar dhuine -

*Áilleacht an nádúir…*





*Breith linbh…*

*Cumhacht an nádúir…*



Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh rud a tharlaíonn sa saol, iontas a chur ar dhuine agus tabhairt air/uirthi ceisteanna a chur faoi bhrí na beatha.

(16 mharc)

**B.** a. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an machnamh tábhachtach do dhuine atá ag cuardach bhrí na beatha.

i.

ii.

(16 mharc)

b. Agus iad ag cuardach freagraí ar cheisteanna faoi bhrí na beatha téann daoine ina muinín seo in amanna -

● AN TEAGHLACH ● CAIRDE ● CEOL ● OBAIR

Roghnaigh **dhá** cheann díobh sin thuas agus mínigh conas is féidir leo cabhrú le daoine freagraí a aimsiú agus iad ag cuardach bhrí na beatha.

i.

ii.

(18 marc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** *Is áit thábhachtach reiligiúnach é Loch Dearg i gCo. Dhún na nGall do bhaill de phobal creidimh in Éirinn.*



*WWW.Kandle.ie*

a. Luaigh áit **amháin** eile in Éirinn lena mbaineann tábhacht reiligiúnach do phobal creidimh.

(5 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis a mbaineann tábhacht reiligiúnach do dhaoine i bpobal creidimh leis an áit a roghnaigh tú thuas.

i.

ii.

(12 mharc)

c. Déan cur síos ar shampla **amháin** den tslí a mbíonn daoine ag adhradh san áit a d'ainmnigh tú thuas.

(15 mharc)

**B.** EISPÉIREAS A CHUR IN IÚL ☐ EISPÉIREAS NA RÚNDIAMHAIREACHTA ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh sin thuas agus déan cur síos ar conas is féidir é a fheiceáil i sampla den adhradh ar ghlac tú páirt ann nó a chonaic tú.

(18 marc)

## Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.** Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar an maithiúnas atá le fáil i dteagasc mór-reiligiúin dhomhanda a ndearna tú staidéar air.

(18 marc)

**B.** a. Mínigh **dhá** chúis a bhfeictear do na baill de reiligiún domhanda an t-athmhuintearas a bheith tábhachtach.

i.

ii.

(16 mharc)

b. Déan cur síos ar shlí **amháin** a dtugann reiligiún domhanda deis athmhuintearais dá chuid ball.

(16 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.**

D'iarr an príomhoide i mbunscoil áitiúil ort labhairt le daltaí an 6ú rang faoin tábhacht a bhaineann le dialóg idir - chreidmheach do phobail chreidimh. Tabhair breac-chuntas ar na pointí a chuirfeá i láthair sa chaint a dhéanfá. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

i. Na buntáistí a bhaineann le dialóg idir - chreidmheach.

ii. Na dúshláin a bhaineann le dialóg idir - chreidmheach.

**Ceist 2.** ● CRÍOST/MEISIAS ● AN tÚRMHAC

Scrúdaigh ceann **amháin** de na teidil thuas ar Íosa. Bíodh tagairt agat do na pointí seo a leanas:

i. An chiall a bhain an pobal Giúdach as an teideal in aimsir Íosa.

ii. An tuiscint nua ar Íosa atá le haithint in úsáid an teidil ag na chéad Chríostaithe.

**Ceist 3.**

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

Cuir i gcás gur iarradh ort alt a scríobh ar an gcleachtas creidimh atá ag an lucht leanúna i gceann **amháin** de na mór - reiligiúin dhomhanda thuas. Tabhair breac - chuntas ar na pointí a bheadh agat i d'alt agus tú ag tagairt don chleachtas reiligiúnach a bhí ag lucht leanúna luath an reiligiúin sin agus don chleachtas reiligiúnach atá ag na baill sa lá atá inniu ann.

**Ceist 4.** ● CREIDEAMH AN DUINE ÓIG ● CREIDEAMH AN DUINE AIBÍ

Tabhair breac - chuntas ar na príomhghnéithe de gach ceann de na céimeanna sin thuas i bhforbairt an chreidimh. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

i. Caidreamh le Dia/leis an Diagacht.

ii. Na nithe is mó a mbíonn tionchar acu ar an gcreideamh.

**Ceist 5.**

◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Pléigh an tábhacht a bhaineann le hurnaí phobail do bhaill cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas:

i. Áit urnaí

ii. Am chun urnaí.

**Ceist 6.**

Déan próifíl den tslí ar féidir forbairt a theacht ar bhreithiúnas duine ar an rud atá ceart agus ar an rud atá mícheart de réir mar a fhásann sé/sí ón anabaíocht mhorálta go dtí an aibíocht mhorálta.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE
ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___

(70 marc)

# Leathanach Bán